C/2024/5183

21.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11695 – TOWERBROOK CAPITAL PARTNERS / CD&R / R1 RCM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5183)

1. An 9 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— TowerBrook Capital Partners L.P. ('TCP', SAM),

— Clayton, Dubilier & Rice Fund XII, L.P. ('CD&R Fund', SAM), faoi rialú Clayton, Dubilier & Rice LLC ('CD&R', SAM),

— R1 RCM Inc. ('R1', SAM).

Gheobhaidh TCP agus CD&R rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar R1.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann TCP deiseanna infheistíochta ar fáil do chliaint i gcuideachtaí móra agus meánmhargaidh san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh ar fud earnálacha éagsúla, lena n-áirítear earraí tomhaltais, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, teicneolaíocht/na meáin/teileachumarsáid,

— Is grúpa infheistíochta cothromais phríobháidigh é CD&R, atá lonnaithe i SAM, a thionscnaítear mar phríomhinfheisteoir cothromais i gceannach thar barr amach ag an mbainistíocht, infheistíocht chothromais mhionlaigh straitéiseach agus infheistíochtaí straitéiseacha eile agus a dhéanann é sin a struchtúrú agus a ghníomhaíonn go minic mar an príomhinfheisteoir sin in earnálacha eacnamaíocha éagsúla,

— Soláthraíonn R1 réitigh arna spreagadh ag an teicneolaíocht, réitigh a athraíonn an fheidhmíocht airgeadais agus an eispéireas othar maidir le córais sláinte, ospidéil agus grúpaí lianna i SAM.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11695 – TOWERBROOK CAPITAL PARTNERS / CD&R / R1 RCM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË